An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

An tAcht um Inscne a Aithint 2015

Tuarascáil Bhliantúil 2022

(arna hullmhú de réir alt 6 den Acht)

30 Meitheamh 2023

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá 1
2. Cúlra 1
3. Leasuithe reachtacha 2
4. Incháilitheacht agus iarratais 2
5. Teastas breithe nua a eisiúint 4
6. Forálacha eile an Achta 2015 6
    Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn 6
    Aitheantas i ndlínse eile 6
7. Cúlghairmeacha 6
8. Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne 6
9. Pasanna agus Saoránacht 7
    Pasanna 7
    Náisiúntacht agus Saoránacht 7
10. Clár aitheantais inscne maidir le huchtaithe idir tíortha 7
11. Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme an Achta 7

1. Réamhrá

Ullmhaíodh an Tuarascáil Bhliantúil seo chun na hoibleagáidí atá leagtha amach in alt 6 den Acht um Inscne a Aithint 2015 a chomhlíonadh.

Soláthraítear sa tuarascáil faisnéis ar fheidhmiú na bpróiseas agus na nósanna imeachta atá leagtha síos san Acht. Faisnéis maidir le hiarratais a dhéantar ar dheimhniú aitheantais inscne, iarratais lena bhfuil aitheantas ag iarratasóir i ndlínse eile cheana féin, iarratais ón sealbhóir ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm, cúlghairmeacha a dhéantar ag an Aire ar dheimhnithe aitheantais inscne agus ceartú ar dheimhniú aitheantais inscne.

Is í seo an t-ochtú tuarascáil a ullmhaíodh faoin Acht agus cumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022. Tá tuarascálacha bliantúla ó na blianta roimhe seo ar fáil ar shuíomh gréasáin Rialtas na hÉireann[1].

2. Cúlra

D'eascair an gá le reachtaíocht a thabhairt isteach sa réimse seo as Ordú ón Ard-Chúirt i mí an Mhárta 2008. Dearbhaíodh san Ordú go raibh ailt áirithe den Acht um Chlárú Sibhialta 2004 ar neamhréir le hoibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine toisc nach raibh foráil sna hailt sin do phróiseas aitheantais inscne. Chun aghaidh a thabhairt air sin, tá foráil á déanamh san Acht le go n-aithneoidh an Stát inscne roghnaithe duine go hiomlán chun gach críche. Is le deimhniú aitheantais inscne a eisítear ag an Roinn Coimirce Sóisialaí go mbaintear é sin amach. Go sonrach, luaitear in alt 18 den Acht:

> *'I gcás go n-eiseofar deimhniú aitheantais inscne chuig duine, is í inscne an duine ó dháta na heisiúna sin, chun gach críche, an rogha inscne sa dóigh, más í an inscne fhireann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas fir, agus, más í an inscne bhaineann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas mná.'*

I measc éifeachtaí eile na reachtaíochta maidir leo siúd ar mian leo go n-aithneofaí a n-inscne, tá an méid seo a leanas:

- Is féidir leis an duine a bhfuil a rogha inscne aitheanta teastas breithe nua a fháil ó Oifig an Ard-Chláraitheora ar a dtaispeántar an rogha inscne agus na hainmneacha nua (má athraíodh ainmneacha freisin) más rud é go bhfuil a b(h)reith cláraithe in Éirinn.

- Ní dhéanfar aon difear do leanúint d'fheidhmiú agus d'aithint gach cirt, gach freagrachta agus gach iarmharta de bharr gníomhartha a rinne an duine ina (h)inscne bhunaidh roimh dháta an aitheantais.

[1] https://www.gov.ie/en/publication/292d01-annual-reports-under-section-6-of-the-gender-recognition-act-2015/

Áirítear ar phríomhghnéithe an Achta forálacha maidir leis an méid seo a leanas:

- Samhail féindearbhaithe do dhaoine trasinscneacha atá 18 mbliana d'aois nó níos sine chun aitheantas ar a n-inscne a lorg;
- Úsáid an téarma 'rogha inscne' i bhfoclaíocht an Achta;
- Socruithe maidir le haitheantas inscne do leanaí atá 16 agus 17 mbliana d'aois;
- Clárú duine ar Chlár um Inscne a Aithint lena gceadaítear teastais bhreithe a eisiúint in ainm agus inscne roghnaithe an duine; agus
- Ailíniú na reachtaíochta i ndáil le heisiúint pasanna agus gnéithe eile de shaoránacht.

3. Leasuithe reachtacha

Bhí foráil san Acht ar dtús nár mhór d'iarratasóir ar dheimhniú aitheantais inscne a bheith neamhphósta. Baineadh an ceanglas sin leis an Acht um Pósadh 2015. Tá dréachtleasuithe ceadaithe ag an Rialtas freisin mar fhreagra ar mholtaí an Athbhreithnithe[2] ar an Acht a foilsíodh.

4. Incháilitheacht agus iarratais

Is féidir le duine iarratas ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a dhéanamh chuig an Aire Coimirce Sóisialaí má tá siad 18 mbliana d'aois ar a laghad agus:

- má tá siad cláraithe ar chlár na mbreitheanna in Éirinn NÓ
- má tá siad cláraithe ar chlár na leanaí uchtaithe in Éirinn NÓ
- má tá siad cláraithe ar chlár na n-uchtálacha idir tíortha in Éirinn NÓ
- má tá siad ar taifead i leabhar iontrálacha breitheanna coigríche nó ar Chlár na mBreitheanna Coigríche, a choimeádtar ag an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Is féidir le haon duine a rugadh lasmuigh den Stát ach a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát iarratas a dhéanamh freisin.

Leanaí

Is féidir iarratas a dhéanamh thar ceann leanbh atá 16 nó 17 mbliana d'aois má fhaightear ordú cúirte lena dtugtar díolúine don leanbh ón riachtanas aoise a chomhlíonadh. Níl aon fhoráil ann d'aitheantas inscne do leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois.

[2] https://www.gov.ie/en/consultation/001721-review-of-the-gender-recognition-act-2015/

Clárú daoine ar tugadh aitheantas inscne dóibh i ndlínse eile

Is féidir le duine a d'athraigh a (h)inscne faoi dhlí stáit eile iarratas ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a dhéanamh chuig an Aire.

Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Inscne

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a dhéanann iarratais ar aitheantas inscne a phróiseáil. Faoi alt 8(3) den Acht, is féidir leis an Aire a chinneadh deimhniú aitheantais inscne a eisiúint nó diúltú do dheimhniú aitheantais inscne a eisiúint. I gcás go ndéantar cinneadh diúltú d'iarratas, ní mór don Aire, faoi alt 8(5), na cúiseanna leis an gcinneadh a chur in iúl don iarratasóir agus ceart an iarratasóra chun achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Teaghlaigh Chuarda a chur in iúl dóibh. Is gá an t-achomharc a dhéanamh laistigh de 90 lá ó dháta an fhógra.

Nuair a dhéantar an t-iarratas a phróiseáil, eisítear deimhniú aitheantais inscne laistigh de 2-3 lá oibre ón gcinneadh chun deonaithe.

Ba é 319 líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a fuair an Roinn Coimirce Sóisialaí in 2022. Soláthraítear i **dTábla 1** eolas ar líon na n-iarratas do na blianta 2015 go deireadh 2022.

Tábla 1 – Iarratais agus torthaí do Dheimhnithe Aitheantais Inscne

Bliain	Iarratais a fuarthas i rith na bliana			Iarratais a deonaíodh i rith na bliana§			Iarratais a diúltaíodh		
	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán
2022	3	316	**319**	3	318	**321**	Nialas	Nialas	Nialas
2021	1	194	**195**	1	194	**195**	Nialas	Nialas	Nialas
2020	1	114	**115**	1	107	**108**	Nialas	Nialas	Nialas
2019	2	166	**168**	1	159	**160**	Nialas	Nialas	Nialas
2018	2	131	**133**	2	122	**124**	Nialas	Nialas	Nialas
2017	3	96	**99**	2	95	**97**	Nialas	1	**1**
2016	6	104	**110**	6	103	**109**	Nialas	Nialas	Nialas
2015∞	2	87	**89**	2	87	**89**	Nialas	Nialas	Nialas
Iomlán	**20**	**1208**	**1228**	**18**	**1185**	**1203**	**0**	**1**	**1**

§ Féadfar iarratais a fhaightear i mbliain amháin a dheonú i mbliain ina dhiaidh sin de réir mar a bhíonn iarratais ag feitheamh ar chinneadh ag deireadh aon bhliana ar leith.

∞ 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

Féadfar diúltú d'iarratas mura bhfuil an t-iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh (mar a fhoráiltear dó in alt 9 den Acht); nó más inscne seachas fireann nó baineann, nach bhfuil clúdaithe ag forálacha an Achta, í rogha inscne an duine; nó más iarratas i leith duine atá 16 nó 17 mbliana d'aois é an t-iarratas agus murar soláthraíodh an díolúine chúirte mar a cheanglaítear faoi alt 12.

Tábla 2 - Deimhnithe Aitheantais Inscne a deonaíodh - Fireann go Baineann agus Baineann go Fireann

Bliain	Iomlán a Deonaíodh	Deonaithe: daoine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine			Deonaithe: Daoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois		
		Iomlán	Fireann go Baineann	Baineann go Fireann	Iomlán	Fireann go Baineann	Baineann go Fireann
2022	321	318	163	155	3	0	3
2021	195	194	90	104	1	0	1
2020	108	107	46	61	1	0	1
2019	160	159	80	79	1	1	0
2018	124	122	57	65	2	0	2
2017	97	95	55	40	2	2	0
2016	109	103	59	44	6	0	6
2015∞	89	87	58	29	2	1	1
Iomlán	**1203**	**1185**	**608**	**577**	**18**	**4**	**14**

∞ 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

5. Teastas breithe nua a eisiúint

Leasaíodh an tAcht um Chlárú Sibhialta 2004 leis an Acht um Inscne a Aithint 2015, trínar ceanglaíodh ar an Ard-Chláraitheoir clár aitheantais inscne a bhunú agus a choimeád. Nuair a fhaigheann duine deimhniú aitheantais inscne ón Roinn Coimirce Sóisialaí, is féidir leo iarratas a dhéanamh chuig Oifig an Ard-Chláraitheora le bheith ar an gClár. Féadfar teastas breithe ar a dtaispeántar inscne nua an duine agus a léiríonn a n-ainm nua a eisiúint de réir na faisnéise atá taifeadta ar an gClár.

Tá cuma na dteastas breithe a eisítear ón gClár cosúil le teastais a eisítear ó Chlár na mBreitheanna agus comhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla go léir maidir le teastais.

Foráiltear le halt 30D den Acht um Chlárú Sibhialta go gcoimeádfaidh an tArd-Chláraitheoir innéacs chun an nasc idir gach taifead ar an gClár agus an taifead comhfhreagrach ar Chlár na mBreitheanna nó Clár na Leanaí Uchtaithe a choinneáil inrianaithe. Foráiltear san alt sin den Acht freisin nach féidir rochtain phoiblí a fháil ar an innéacs lena nasctar na cláir ná nach féidir aon fhaisnéis ón innéacs sin a thabhairt d'aon duine ach amháin le hordú cúirte. Tá na forálacha sin ann chun príobháideacht an duine lena mbaineann a áirithiú.

Chun rúndacht a áirithiú tuilleadh, ní féidir teastais bhreithe ar a dtaispeántar inscne nua agus (más infheidhme) ainm nua duine a fháil ó Oifig an Ard-Chláraitheora ach amháin ag an duine lena mbaineann an teastas breithe nó, má tá siad éagtha, ag na baill dá dteaghlach atá fós beo.

I **dTábla 3** tugtar breac-chuntas ar líon iomlán na gclárúchán ag Oifig an Ard-Chláraitheora ar an gClár um Inscne a Aithint, a ndearna anailís orthu de réir aoise.

Ba é 165 líon iomlán na gclárúchán a rinneadh ar an gClár um Inscne a Aithint le linn 2022. Is i leith duine faoi bhun 18 mbliana d'aois a rinneadh ceithre cheann acu. Ar an iomlán, rinneadh níos mó ná trí cheathrú de na clárúcháin i leith daoine idir 18 agus 30 bliain d'aois.

Tábla 3 - Clárúcháin ar an gClár um Inscne a Aithint de réir aoise

Bliain	Aoisraon						
	16-17	18-30	31-40	41-50	51-60	61+	Iomlán
2015[∞]	1	16	11	12	8	8	**56**
2016	5	46	9	4	7	6	**77**
2017	2	37	7	7	3	4	**60**
2018	2	57	5	6	5	0	**75**
2019	0	82	8	4	4	4	**102**
2020	1	55	7	3	3	2	**71**
2021	0	85	15	6	1	1	**108**
2022	4	127	21	10	1	2	**165**
Iomlán	**15**	**505**	**83**	**52**	**32**	**27**	**714**

∞ 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

I dTábla 4 soláthraítear anailís bhreise ar na sonraí sin de réir inscne le haghaidh taifid ar an gClár.

Tábla 4 – Clár um Inscne a Aithint 2015-2022 de réir inscne agus aoise

Aois	Baineann go Fireann	% den iomlán	Fireann go Baineann	% den iomlán	Iomlán
16 — 17 mbliana	13	87%	2	13%	15
18 mbliana	80	68%	37	32%	117
19 — 20 bliain	31	28%	81	72%	112
21 — 30 bliain	130	47%	146	53%	276
31 — 40 bliain	57	69%	26	31%	83
41 — 50 bliain	44	85%	8	15%	52
51— 60 bliain	1	3%	31	97%	32
61 bliain d'aois nó níos sine	1	4%	26	96%	27
Iomlán	**357**	50%	**357**	50%	**714**

6. Forálacha eile an Achta 2015

Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn

Faoi alt 9(1)(b) den Acht is féidir le cónaitheoir sa Stát nár rugadh in Éirinn é nó í iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. As na 321 deimhniú aitheantais inscne a eisíodh in 2022, eisíodh 71 ceann acu chuig cónaitheoirí sa Stát nár rugadh in Éirinn. Bhí na hiarratasóirí go léir 18 bliain d'aois nó níos sine. Iomlán
Is é 240 líon iomlán na ndeimhnithe aitheantais inscne a eisíodh faoin alt sin ó thosach feidhme an Achta.

Aitheantas i ndlínse eile

Ceadaítear le halt 11(2) den Acht do dhuine a d'athraigh a (h)inscne i ndlínse eile iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Ní bhfuarthas iarratas ar bith faoin alt seo i rith 2022. Ó thosach feidhme an Achta eisíodh 15 dheimhniú san iomlán faoin bhforáil sin.

7. Cúlghairmeacha

Faoi alt 14 den Acht is féidir leis an Aire deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm i gcás ina bhfuarthas faisnéis a d'fhágfadh go ndiúltófaí don deimhniú, más rud é go bhfuarthas an fhaisnéis sin roimh eisiúint an deimhnithe. Níor chúlghair an tAire aon deimhnithe aitheantais inscne in 2022 faoin alt sin.

I gcás inar mian le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne filleadh ar a (h)inscne bhunaidh, faoi alt 15 den Acht ceadaítear dóibh iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun an deimhniú a chúlghairm. I rith 2022, rinneadh dhá (2) iarratas chun deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm faoin alt sin. Rinneadh cúig (5) chúlghairm ó thosach feidhme an Achta, agus iad ar fad ó iarratasóirí os cionn 18 mbliana d'aois.

8. Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne

Faoi alt 16 den Acht, má tá earráid chléireachais nó earráid fíorais in ábhar deimhnithe aitheantais inscne, is féidir le sealbhóir an deimhnithe iarratas a dhéanamh chuig an Aire chun an deimhniú a leasú. Fuarthas trí (3) iarratas i rith 2022 chun Deimhniú Aitheantais Inscne a leasú. Ní dhearnadh ach seacht (7) gceartú ó thosach feidhme an Achta.

9. Pasanna agus Saoránacht

Pasanna

Le halt 38 den Acht um Inscne a Aithint leasaíodh Acht na bPasanna 2008 ionas gur féidir le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne iarratas a dhéanamh chuig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála le go n-eiseofar pas san ainm agus san inscne atá sonraithe ar an deimhniú aitheantais inscne.

D'eisigh an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála 215 pas do shealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne le linn 2022, ar eisíodh –15 gcinn acu do dhaoine aonair faoi bhun 18 mbliana d'aois. Ó thosach feidhme an Achta, eisíodh 560 pas do shealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne, lena n-áirítear 26 pas do shealbhóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Náisiúntacht agus Saoránacht

D'fhonn ligean do dhuine ar Chlár na mBreitheanna Coigríche a rogha inscne a bheith aitheanta, le halt 31 den Acht leasaíodh Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 chun foráil do bhunú agus do choimeád cláir aitheantais inscne maidir le breitheanna coigríche ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha. Níorbh fhéidir iarratas a dhéanamh faoin bhforáil sin roimh an 1 Nollaig 2017, nuair a tháinig rialacháin lena dtugtar éifeacht don alt sin i bhfeidhm[3]. Ní bhfuarthas ná níor ceadaíodh aon iarratais faoin alt sin in 2022. Deonaíodh 10 dheimhniú san iomlán faoi na forálacha sin ó thosach feidhme an Achta.

10. Clár aitheantais inscne maidir le huchtuithe idir tíortha

Le halt 33 den Acht um Inscne a Aithint 2015 leasaíodh an tAcht Uchtála 2010 chun ligean d'Údarás Uchtála na hÉireann "clár aitheantais inscne maidir le huchtuithe idir tíortha" a bhunú. Níor taifeadadh aon chlárú ar an gclár aitheantais inscne maidir le huchtuithe idir tíortha le linn 2022. Fuarthas sé (6) iarratas san iomlán faoin bhforáil sin ó thosach feidhme an Achta.

11. Athbhreithniú ar fheidhmiú an Achta

I gcomhréir le forálacha d'Alt 7 den Acht, rinneadh athbhreithniú ar a fheidhmiú le linn 2018 agus foilsíodh é le freagra an Aire a bhí foilsithe ag deireadh 2019. Leagtar amach moltaí an ghrúpa in aguisín 1.

I mí na Samhna 2019, cheadaigh an Rialtas reachtaíocht a dhréachtú lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

---

[3] Tagraítear in I.R. Uimh. 539/2017 na Rialacháin um Breitheanna Coigríche a Aithint, 2017 dó seo. Tá sé ar fáil anseo:http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/539/made/en/print

- An bealach chun aitheantas inscne dlíthiúil a éascú do leanaí 16/17 mbliana d'aois trí shocrú féindearbhaithe a chur i bhfeidhm, le cead ó thuismitheoirí; próiseas simplí cúlghairme; agus trí thacaíocht idirghabhála teaghlaigh a chur ar fáil ar bhonn deonach.

- Go n-aithnítear go soiléir ar dheimhniú aitheantais inscne dóibh siúd atá 16 agus 17 mbliana d'aois gur bhronnadh é ar bhonn féindearbhaithe amháin (chun soiléireacht a thabhairt nach ionann aitheantas inscne dlíthiúil agus aon saincheist maidir le hidirghabháil leighis).

- Go ligtear deimhnithe aitheantais inscne a úsáid mar fhianaise d'athrú san ainm chomh maith le fianaise d'athrú san inscne.

- Go ligtear do shaoránaigh na hÉireann a rugadh taobh amuigh den Stát agus a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Stát (Tuaisceart na hÉireann san áireamh) iarratas a chur isteach chun deimhniú aitheantais inscne a fháil.

Beidh socrúcháin do leanaí faoi 16 mbliana d'aois níos casta agus beidh tuilleadh breithniúcháin de dhíth. Tá gealltanas ann sa Chlár Rialtais taighde a chur ar bun chun socrúcháin i dtíortha eile do leanaí faoi 16 mbliana d'aois a scrúdú. Is é cuspóir an taighde ná eolas a dhéanamh den chaoi inar féidir déileáil leis an bhfadhb in Éirinn trí fhéachaint ar an eispéireas i dtíortha eile. Tá an taighde ar bun faoi láthair.

Cuireadh stop leis na comhairliúcháin a chur ar aghaidh mar gheall ar an bpaindéim Covid-19 agus cuireadh tús leo arís sa tríú ráithe de 2021. Bhí na gníomhartha seo a leanas ar bun ag deireadh 2022:

- Tá obair ar reachtaíocht ar bun maidir leis an gcomhairliúchán chun athruithe a dhéanamh maidir leis an bpróiseas iarratais do dhuine 16 agus 17 mbliana d'aois.

- Iarradh ar ranna agus comhlachtaí poiblí eile céimeanna dearfacha a ghlacadh chun staid na ndaoine atá neamh-dhénartha a fheabhsú agus measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhaineann le forálacha a dhéanamh do dhaoine nach n-aithníonn iad féin mar fhireann agus mar bhaineann araon.

- Rinneadh dul chun cinn níos mó ar scóip an taighde chun dea-chleachtas a scrúdú maidir leis an bpróiseas chun aitheantas inscne a fháil do leanaí faoi 16 mbliana d'aois i ndlínsí eile le ceapachán na dtaighdeoirí chun an tionscadal.

- Déantar athruithe oibriúcháin nach raibh athrú reachtaíochta ag teastáil uathu a mhol an grúpa athbhreithnithe a chur i bhfeidhm faoi láthair nó a chur ar bun.

Meitheamh 2023

Aguisín 1 - Moltaí an Ghrúpa Athbhreithnithe Moladh 1:

Ba chóir córas aitheantais inscne a chur i bhfeidhm do leanaí d'aois ar bith, faoi réir na prionsabal tábhachta seo a leanas:

- Cead ó thuismitheoirí de dhíth (le próiseas dlí cuí chun déileáil le cásanna nach bhfuil cead ón mbeirt thuismitheoir nó nach féidir nó nach bhfuil sé sábháilte amhlaidh a fháil),
- Próiseas riaracháin a bheadh ann,
- Próiseas éasca cúlghairme,
- Tacaíocht ó thríú páirtí don leanbh agus don teaghlach atá rannpháirteach.

Moladh 2A:

Ba chóir aitheantas inscne dlíthiúil a chur ar fáil do dhaoine neamh-dhénártha.

Moladh 2B:

Is féidir measúnú tionchair a mheas mar chuid d'athbhreithniú roinne tras-Rialtais ar leasuithe reachtaíochta atá molta.

Moladh 2C:

Le linn an téarma sin, ba chóir go nglacann Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile céimeanna dearfacha chun cás na ndaoine neamh-dhénartha a fheabhsú.

Moladh 3:

Ba chóir go dtabharfaí le haon bhearta a fheabhsaíonn rochtain ar aitheantas inscne, maidir le haois agus aitheantas inscne araon (dénartha nó neamh-dhénartha) rochtain dóibh siúd atá idirghnéasach freisin.

Moladh 4:

Go gcuireann an Roinn Coimirce Sóisialaí, le hOifig an Ard-Chláraitheora, córas uimhriúcháin i bhfeidhm atá díreach mar an gcéanna leis an gcóras a úsáidtear maidir le deimhnithe breithe a thógann an t-eolas ó chláir na mbreitheanna.

Ba cheart feidhm a bheith aige sin maidir le deimhnithe nua agus an rogha chun athchóip a fháil curtha ar fáil dóibh siúd a bhfuil deimhniú gan uimhir thagartha acu cheana féin (agus an costas a bhaineann le hathchóip a fháil a tharscaoileadh).

Moladh 5:

Ba chóir Alt 10 den Acht a úsáid (mar atá sé anois nó mar chuid de reachtaíocht leasaithe) chun athrú san ainm dlíthiúil a cheadú mar chuid den phróiseas aitheantais inscne.

Moladh 6A:

Go ndéantar socrúcháin chun go mbeadh saoránaigh na hÉireann a rugadh i dTuaisceart na hÉireann agus a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Stát, iarratas a chur isteach ar dheimhniú aitheantais inscne.

Moladh 6B:

Go luaitear fadhb na ndeimhnithe leasaithe ag leibhéal oifigiúil le húdaráis na Ríochta Aontaithe.

Moladh 7:

Go scrúdaíonn ranna agus gníomhaireachtaí bealaí chun próisis iarratais a éascú; naisc idir Ranna a fheabhsú; agus costais a laghdú maidir le hathchóip de dhoiciméid oifigiúil, teastais breithe agus pasanna mar shampla, a fháil.

Moladh 8:

Go scrúdaíonn gach Roinn/comhlacht Rialtais cuí an chaoi gur féidir próisis riaracháin a éascú ach príobháideachas an duine a choimeád ag an am céanna, tar éis dóibh Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil.

Moladh 9:

Gur chóir athbhreithniú ar an Acht agus ar aon mheasúnú tionchair maidir le cur i bhfeidhm aon reachtaíochta chun aitheantas inscne dlíthiúil a sholáthar do dhaoine neamh-dhénartha a dhéanamh taobh istigh de chúig bliana ó thosach feidhme na bhforálacha a bhaineann le haon reachtaíocht leasuithe curtha i bhfeidhm mar gheall ar an athbhreithniú seo. Go gcumhdófar aon fhorálacha nua atá ann in aon reachtaíocht leasaithe.

Moladh 10A:

Go bhfoilsíonn an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialta leabhrán atá éasca le léamh ina leagtar amach na céimeanna maidir le Deimhniú Aitheantais Inscne agus iontráil sa chlár aitheantais inscne a fháil. Ba chóir go gcuirtear comhairle san áireamh maidir leis na céad chéimeanna eile atá le glacadh, ag déanamh liosta de na ranna Rialtais agus comhlachtaí Stáit eile gur cheart teagmháil a dhéanamh leo maidir le taifead pearsanta a uasdhátú.

Moladh 10B:

Molann an grúpa go n-ullmhófar leabhrán do Ranna Rialtais, comhlachtaí Stáit eile, agus eagraíochtaí san earnáil príobháideach, ina leagfar amach an chaoi ina mbaineann an tAcht leo